**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0268/2023**

20.9.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa
(COM(2022)0658 – C9-0307/2023 – (2022)0132B(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Matjaž Nemec

### *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....5

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ....22

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ....23

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa**
**(COM(2022)0658 – C9-0307/2023 – (2022)0132B(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0658),

– ag féachaint do chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 6 Iúil 2023 á údarú don Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an togra thuasluaite ón gCoimisiún a dheighilt agus dhá thuarascáil reachtacha ar leithligh a tharraingt suas bunaithe ar an togra sin,

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 77(2), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0307/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle ina litir an 21 Meitheamh 2023 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, de réir Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 26 Deireadh Fómhair 2022[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0268/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] *IO L 75, 28.2.2023, lch. 150.*

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA[*]

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

**RIALACHÁN (AE) 2023/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

***lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa***

***TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,***
***Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointe (a) de,***
***Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,***
***Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,***
***Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],***
***Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],***

---

[*] Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌.

[2] *IO L 75, 28.2.2023, lch. 150.*

[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an ….

*De bharr an mhéid seo a leanas:*

*(1) Cuid dhílis de bhunú limistéir gan teorainneacha inmheánacha ab ea comhbheartas an Aontais maidir le víosaí. Tá sé tábhachtach go bhfuil an beartas víosaí ina ghné fhíor-riachtanach i gcónaí chun cabhrú le rioscaí slándála agus riosca imirce neamhrialta chuig an Aontas a chomhrac, agus turasóireacht agus gnó á n-éascú. Chun próiseas iarratais ar víosaí Schengen a dhéanamh níos rianúla agus níos éifeachtaí do náisiúnaigh tríú tír agus d'údaráis na mBallstát, is gá cead a thabhairt iarratais ar víosaí Schengen a thaisceadh ar líne, agus leas iomlán á bhaint ar an gcaoi sin as na forbairtí dlíthiúla agus teicneolaíocha a rinneadh le déanaí.*

*(2) Ba cheart víosaí a eisiúint i bhformáid dhigiteach aonfhoirmeach amháin, mar bharrachód 2T, agus ba cheart íomhá d'aghaidh an tsealbhóra a bheith iontu. Ba cheart an barrachód 2T a bheith sínithe go cripteagrafach ag Údarás Deimhniúcháin na Tíre Sínithe de chuid an Bhallstáit eisiúna. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1683/95[4] ón gComhairle a leasú dá réir.*

*(3) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun sonraíochtaí teicniúla na víosa digití a ghlacadh.*

---

4 *Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1).*

5 *Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).*

(4) ***Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu*** i gcomhréir le ***Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle***[6]***; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.***

***(5) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt***[7]***, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle***[8]***.***

---

6 ***Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).***

7 ***IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.***

8 ***Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).***

***(6) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[9], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[10].***

***(7) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[11], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[12].***

---

[9] ***IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.***

[10] ***Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).***

[11] ***IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.***

[12] ***Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).***

***(8)*** ***A mhéid a bhaineann leis an gCipir, agus leis an mBulgáir agus leis an Rómáin, is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le acquis Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 faoi seach.***

(9) ***Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], agus thug sé tuairim uaidh an 21 Meitheamh 2022[14],***

***TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:***

13 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39-98).

14 IO L *277, 19.7.2022, lch. 7.*

Airteagal ***1***

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1683/95

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

***1.*** Déanfar víosaí arna n-eisiúint ***ag na Ballstáit*** i gcomhréir le hAirteagal 5 ▌ a chur ar fáil i bhfoirm formáid ***dhigiteach*** aonfhoirmeach (víosa dhigiteach)▌ . Beidh na réimsí sonraí a leagtar amach san Iarscríbhinn iontu.

***2. Maidir leis an víosa dhigiteach:***

***a)*** Eiseofar é mar bharrachód 2T a shíneoidh Údarás Deimhniúcháin na Tíre Sínithe de chuid an Bhallstáit eisiúna go cripteagrafach;

b) Beidh íomhá d'aghaidh an tsealbhóra víosa inti; agus

c) beidh sí inphriontáilte.

***3. Féadfaidh na Ballstáit iontrálacha náisiúnta a chur leis an roinn 'barúlacha' i gcomhréir le hAirteagal 10(1) pointe (n) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.***

______________________

**** Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir na Ballstáit (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60)***';

(2) ***Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:***

***'Airteagal 2***

***1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun sonraíochtaí teicniúla a bhunú don fhormáid dhigiteach aonfhoirmeach do víosaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:***

***(a) caighdeáin theicniúla agus modhanna teicniúla maidir leis an méid seo a leanas:***

***(i) na sonraí atá sa víosa dhigiteach a ionchódú; agus***

***(ii) an íomhá den aghaidh;***

***(b) sonraíochtaí maidir leis an leagan inphriontáilte den víosa dhigiteach a ghiniúint.***

*2. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go bhfuil na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear i mír 1 le bheith rúnda agus nach bhfoilseofar iad. Sa chás sin, ní chuirfear na sonraíochtaí teicniúla sin ar fáil ach do dhaoine a bhfuil údarú cuí faighte acu ó Bhallstát nó ón gCoimisiún.*

*3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6(2) i gcomhar leis an bhforáil idirthréimhseach i bpointe (b) d'Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.*

______________________

** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).';*

*(3) Scriostar Airteagal 3;*

*(4) in Airteagal 4, scriostar mír 2;*

*(5) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1683/95.*

*Airteagal 2*

***Tús a chur le víosaí a eisiúint i bhformáid dhigiteach***

***1.*** ***A luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas, glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, lena socrófar an dáta óna n-eiseoidh na Ballstáit víosaí digiteacha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 arna leasú leis an Rialachán seo:***

***(a)*** ***Glacadh na gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1683/95;***

***(b)*** ***Tá sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástálacha cuimsitheacha curtha i gcrích go rathúil aige;***

***(c)*** ***Tá na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir le tús a chur le víosaí a eisiúint i bhformáid dhigiteach bailíochtaithe ag eu-LISA agus fógra tugtha don Choimisiún ina leith.***

***2.*** ***Foilseofar an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 in*** **Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*****.***

***3.*** ***Faoin 1 Nollaig 2026 agus gach bliain ina dhiaidh sin go dtí go nglacfaidh an Coimisiún an cinneadh dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Beidh faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil sin faoi na costais a tabhaíodh agus faoi aon rioscaí a imríonn tionchar ar na costais fhoriomlána.***

*Airteagal 3*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

1. ***Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in*** **Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.**
2. ***Beidh feidhm aige ón dáta a shocróidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal (1), cé is moite d'Airteagal 1, pointe 2, a mbeidh feidhm aige ón... [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].***

***Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.***

***Arna dhéanamh i/sa ...,***

| | |
|---|---|
| ***Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*** | ***Thar ceann na Comhairle*** |
| ***An tUachtarán*** | ***An tUachtarán*** |

***IARSCRÍBHINN***

***Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn Rialachán (CE) Uimh. 1683/95:***

***'IARSCRÍBHINN***

***Réimsí sonraí na víosa digití***

***(1) an Ballstát eisiúna;***

***(2) sloinne, ainm;***

***(3) sloinne breithe;***

***(4) dáta breithe;***

***(5) tír agus áit bhreithe;***

***(6) inscne;***

***(7) náisiúntacht;***

***(8) náisiúntacht bhreithe;***

***(9) cineál agus uimhir an doiciméid taistil;***

***(10) údarás eisiúna an doiciméid taistil;***

***(11) dáta eisiúna an doiciméid taistil agus an dáta a rachaidh sé in éag;***

***(12) an t-údarás a d'eisigh an víosa, a shuíomh agus i dtaobh ar eisigh an t-údarás sin an víosa thar ceann Ballstát eile;***

***(13) láthair agus dáta an chinnidh chun an víosa a eisiúint;***

***(14) an cineál víosa;***

***(15) más infheidhme, faisnéis lena dtugtar le fios gur le bailíocht chríochach theoranta a eisíodh an víosa de bhun Airteagal 25(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009;***

*(16) uimhir víosa;*

*(17) an chríoch ina bhfuil an sealbhóir víosa i dteideal taisteal;*

*(18) dáta theacht i bhfeidhm agus dáta éaga thréimhse bhailíochta na víosa;*

*(19) an líon iontrálacha a údaraítear leis an víosa sa chríoch sin a bhfuil an víosa bailí ina leith;*

*(20) fad na tréimhse fanachta mar a údaraítear leis an víosa;*

*(21) más infheidhme, stádas an duine a thugann le fios gur ball teaghlaigh de náisiúnach den Ríocht Aontaithe ar tairbhí é den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa Stát óstach a bhfuil an t-iarratas ar víosa á dhéanamh ina leith é an náisiúnach tríú tír;*

*(22) iontrálacha náisiúnta sa roinn 'barúlacha';*

*(23) ina theannta sin, i gcás víosa bhailí arna deimhniú i ndoiciméad taistil nua:*

– ***faisnéis maidir le stádas lena gcuirtear in iúl gur deimhníodh an víosa;***

– an ***t-údarás a dheimhnigh an víosa agus a shuíomh;***

– ***láthair agus dáta an chinnidh víosa bhailí a dheimhniú i ndoiciméad taistil nua;***

– ***sonraí nua doiciméid taistil, lena n-áirítear uimhir, tír agus údarás eisiúna, dáta eisiúna, dáta éaga an doiciméid taistil nua;***

– ***uimhir dheimhnithe;***

***(24) ina theannta sin, i gcás víosa a gcuirtear síneadh léi:***

- ***faisnéis maidir le stádas lena gcuirtear in iúl gur cuireadh síneadh leis an víosa;***
- ***an t-údarás a chuir síneadh leis an víosa agus a shuíomh;***
- ***láthair agus dáta an chinnidh;***
- ***uimhir víosa na víosa a gcuirtear síneadh léi;***
- ***dáta theacht i bhfeidhm agus dáta éaga na tréimhse sínithe;***
- ***tréimhse an tsínidh ar fhad údaraithe an fhanachta;***
- ***an chríoch a bhfuil an sealbhóir víosa i dteideal taisteal ann, má tá bailíocht chríochach na víosa a gcuirtear síneadh léi éagsúil le bailíocht na víosa bunaidh;***
- ***an cineál víosa ar cuireadh síneadh léi;***

***(25) íomhá d'aghaidh an tsealbhóra víosa.'.***

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Rialacháin Leasaitheach (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa |
| **Tagairtí** | COM(2022)0658 – C9-0307/2023 – 2022/0132B(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 28.4.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>13.7.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>13.7.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>19.7.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Matjaž Nemec<br>7.7.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 8.11.2022 28.6.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 29.6.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 34<br>–: 5<br>0: 20 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Joachim Stanisław Brudziński, Annika Bruna, Damien Carême, Patricia Chagnon, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Emil Radev, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Delara Burkhardt, Beata Kempa, Alessandra Mussolini, Matjaž Nemec, Jan-Christoph Oetjen, Rob Rooken, Róża Thun und Hohenstein, Dragoş Tudorache, Loránt Vincze, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Caterina Chinnici, David Lega |
| **Dáta don chur síos** | 20.9.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 34 | + |
|---|---|
| Renew | Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Jan-Christoph Oetjen, Ramona Strugariu, Róża Thun und Hohenstein, Yana Toom, Dragoş Tudorache |
| S&D | Pietro Bartolo, Delara Burkhardt, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Theresa Muigg, Matjaž Nemec, Isabel Santos, Birgit Sippel, Elena Yoncheva |
| The Left | Konstantinos Arvanitis, Clare Daly, Cornelia Ernst |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 5 | - |
|---|---|
| ECR | Rob Rooken |
| ID | Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche |
| NI | Milan Uhrík |
| PPE | Tomáš Zdechovský |

| 20 | 0 |
|---|---|
| ECR | Joachim Stanisław Brudziński, Assita Kanko, Beata Kempa, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Annika Bruna, Patricia Chagnon, Annalisa Tardino |
| PPE | Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Andrzej Halicki, David Lega, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Alessandra Mussolini, Emil Radev, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Loránt Vincze |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh